Ecstasy agus Scéalta Eile

Ré Ó Laighléis

Gníomhaíochtaí bunaithe ar an léitheoireacht

Treoir don mhúinteoir

Réamhrá

Tá na gníomhaíochtaí seo a leanas dírithe ar dhaltaí sinsearacha, ón idirbhliain go leibhéal na hArdteiste. Is féidir leis an mhúinteoir féin a mheas cén rang is fearr a n-oireann siad dóibh. Tá roinnt de na scéalta sa chnuasach seo dúshlánach go maith ó thaobh ábhair de, agus moltar don mhúinteoir gach scéal a mheas go cúramach sula dtugann sé/sí faoi le rang ar bith.

Tá na gníomhaíochtaí briste suas i dtí chuid – réamhléitheoireacht, le linn léitheoireachta agus iar-léitheoireacht. Cuideoidh sé seo leis na daltaí a oiread fiúntais agus is féidir a bhaint as na scéalta. Moltar an léitheoireacht os ard, le cuidiú le daltaí féinmhuinín a fháil ann; tá sé tábhachtach go mbeadh na daltaí eile ag leanacht na bhfocal de réir mar a léitear iad. Ba chóir iarraidh ar na daltaí na scéalta a léamh arís sa bhaile chomh maith. Bíonn meascán idir obair aonair, obair bheirte agus obair ghrúpa le déanamh sna gníomhaíochtaí.

Tugtar obair scríofa ag deireadh gach scéil. Cuidíonn na ceachtanna seo le tuiscint na ndaltaí ar an scéal a leathnú, agus spreagann sé iad le smaoineamh taobh amuigh d'imeachtaí an scéil, agus dul níos doimhne sna mothúcháin.

Moltar do na daltaí leabhar nótaí a bheith acu (cosúil le leabhrán seoltaí leis na litreacha gearrtha amach ag an taobh). Ba chóir go scríobhfaidís focail nua sa leabhar nótaí seo agus na focail a fhoghlaim agus a úsáid ina gcuid scríbhneoireacht chruthaitheach féin.

Leantar an riail "réamhfhocal agus an agus séimhiú" tríd an leabhrán ar fad.

NA SCÉALTA

1. Ecstasy



2. Fuadach

3. Ugach



4.Cinniúint



5. Mianach

6. Imleacán

7. Cathú

8. Imeallach

9. Dúchas

10. Ciotaíl

Ecstasy

Réamhléitheoireacht

1. Iarr ar na daltaí tuairimí a thabhairt faoin ábhar dar leo a bheas sa ghearrscéal seo.
2. Iarr orthu tuairimí a thabhairt faoi na mothúcháin a bheas sa scéal. Breac síos na mothúcháin is coitianta a luann na daltaí ar an chlár bán.



3. Iarr orthu buille faoi thuairim a thabhairt maidir le deireadh an scéil. An mbeidh críoch shona ann? Nó críoch bhrónach? Nó críoch uafásach?
4. Tabhair roinnt eolais dóibh faoin údar – Ré Ó Laighléis. Iarr orthu taighde a dhéanamh air, agus teacht ar theidil leabhar eile atá scríofa aige.
5. Iarr ar na daltaí leabhar scríbhneoireachta pearsanta a bheith acu inar féidir leo a gcuid tuairimí faoin scéal a bhreacadh síos.

Gníomhaíochtaí le linn léitheoireachta

1. Iarr ar dhaltaí éagsúla alt amháin a léamh amach os ard. Abair leis na daltaí eile na focail a leanacht de réir mar atá siad á léamh.
2. Abair leis na daltaí líne a chur faoi aon fhocal nach dtuigeann siad, agus tabhair am dóibh ag deireadh gach ailt ceisteanna a chur faoi chiall na bhfocal seo.
3. Spreag na daltaí leis na focail seo a bhreacadh síos ina leabhair scríbhneoireachta agus abair leo iad a úsáid an chéad uair eile a bhíonn scríbhneoireacht le déanamh acu féin.
4. Cuir stop leis an léitheoireacht ag pointí éagsúla, agus tabhair achoimre ó bhéal ar imeachtaí an scéil.
5. Cuir ceisteanna faoi thréithe na gcarachtar: Úna, an príomhoide, an Máistir Ó Néill, Hilda Bergin, mar atá léirithe ag pointí éagsúla.
6. Lig do na daltaí tomhas a thógáil ag pointí éagsúla faoin mhéid a tharlóidh go deireadh an scéil.

Iar-léitheoireacht

1. Iarr ar dhaltaí éagsúla achoimre a thabhairt ar an scéal ó thús deireadh. Ceartaigh aon sonraí más gá.
2. Déan plé ar na mothúcháin a léirítear sa scéal. Conas a léiríonn iompar na gcarachtar a gcuid mothúchán?
3. Déan liosta de na tréithe atá le feiceáil sna carachtair.

4. Bris an rang suas i 6 ghrúpa, bunaithe ar na buanna atá acu sna hábhair seo a leanas. Lig dóibh féin an rogha a dhéanamh. Beidh na grúpaí éagsúla ag díriú ar ealaín, ceol, drámaíocht, scríbhneoireacht, gramadach, filíocht.
   i. Iarr ar an ghrúpa ealaíne carachtair an scéil a tharraingt, agus a dtréithe a bheith soiléir sna pictiúir. Mar shampla, ba chóir go mbeadh tréithe bulaí le sonrú sa phictiúr de Hilda agus mar sin de.
   ii. Iarr ar an ghrúpa ceoil amhrán a chumadh, nó amhrán sean-aitheanta a chur in oiriúint don scéal seo. Beidh orthu é a chanadh nó a theagasc don rang. Mar shampla, na focail seo a leanas a chur leis an amhrán "Cúnnla"

      Cé hí siúd thíos 'chuir drugaí im' phóca?
      Cé hí siúd thíos 'thug batráil dom' aghaidh bhocht?
      Cé hí siúd thíos 'tá 'na bulaí gach lá?
      "Mise mé féin" a deir Hilda.
      Hilda, nó! Ná tara níos giorra dom!
      Hilda nó! Ná buail arís mé!
      Hilda nó! Ní ghlacfar níos mó leis,
      Cuirfidh mé deireadh le Hilda.
   iii. Iarr ar an ghrúpa drámaíochta dráma gairid a léiriú don rang bunaithe ar imeachtaí an scéil.
   iv. Iarr ar an ghrúpa scríbhneoireachta dialann Úna, nó dialann Hilda a scríobh.
   v. Iarr ar an ghrúpa gramadaí pointe amháin gramadaí a thógáil as an scéal agus a léiriú don rang. Mar shampla ainmfhocal baininscneach agus aidiacht le séimhiú air á leanacht. (Samplaí: Srón bhriste, Úna bhocht agus araile.)
   vi. Iarr ar an ghrúpa filíochta dán gairid a chumadh a léiríonn gné éigin den scéal.

Obair scríofa

1. Scríobh léirmheas ar an scéal seo. Bíodh na pointí seo san áireamh sa léirmheas:
   - Luaigh na rudaí a thaitin leat faoin scéal.
   - Luaigh buaicphointe an scéil agus cé chomh héifeachtach agus a bhí sé, dar leat.
   - Luaigh aon phointe lag sa scéal.
   - Cad a shíl tú de dheireadh an scéil? An raibh sé éifeachtach, dar leat?
   - An raibh an scéal réalaíoch? Cuir cúis le do fhreagra.
2. Samhlaigh gur tusa comhairleoir na scoile. Tagann Úna chugat ag lorg comhairle. Cad a deir tú léi?
3. Is tusa Hilda. Inis an scéal ó do thaobhsa.

Fuadach

Réamhléitheoireacht

1. Iarr ar na daltaí tuairimí a thabhairt faoin ábhar a bheas sa ghearrscéal seo, dar leo.
2. Iarr orthu tuairimí a thabhairt faoi na mothúcháin a bheas sa scéal. Breac síos na mothúcháin is coitianta a luann na daltaí ar an chlár bán.
3. Iarr orthu buille faoi thuairim a thabhairt maidir le deireadh an scéil. An mbeidh críoch shona ann? Nó críoch bhrónach? Nó críoch uafásach?
4. Iarr ar na daltaí pointí a bhreacadh síos faoi aon scéal (ficsean nó fíor) a chuala siad ar an ábhar seo.

Gníomhaíochtaí le linn léitheoireachta

1. Iarr ar dhaltaí éagsúla alt amháin a léamh amach os ard. Abair leis na daltaí eile na focail a leanacht de réir mar atá siad á léamh.
2. Abair leis na daltaí líne a chur faoi aon fhocal nach dtuigeann siad, agus tabhair am dóibh ag deireadh gach ailt ceisteanna a chur faoi chiall na bhfocal seo.
3. Spreag na daltaí leis na focail seo a bhreacadh síos ina leabhair scríbhneoireachta agus abair leo iad a úsáid an chéad uair eile a bhíonn scríbhneoireacht le déanamh acu féin.
4. Cuir stop leis an léitheoireacht ag pointí éagsúla, agus tabhair achoimre ó bhéal ar imeachtaí an scéil.
5. Cuir ceisteanna faoi thréithe Niamh sa scéal.
6. Cuir ceisteanna ar na daltaí faoin stíl scríbhneoireachta agus faoin fhriotal, go háirithe in ailt 3 agus 4 agus sna hailt i dtreo dheireadh an scéil.
7. Lig do na daltaí tomhas a thógáil faoin mhéid a tharlóidh ag pointí éagsúla go deireadh an scéil.

Iar-léitheoireacht

1. Iarr ar dhaltaí éagsúla achoimre a thabhairt ar an scéal ó thús deireadh. Ceartaigh aon sonraí más gá.
2. Déan plé ar na mothúcháin a léirítear sa scéal. Cad iad na mothúcháin a mhothaíonn tusa agus tú ag léamh an scéil, agus conas a léirítear iad?
3. Conas a chruthaíonn an t-údar teannas sa scéal? Amharc go háirithe ar dheireadh an scéil, nuair atá Niamh sa teach lena leasathair.
4. Conas a chruthaíonn an t-údar suaimhneas sa scéal? Amharc go háirithe ar an stíl agus ar an chur síos nuair atá Niamh ar an DART ag tús an scéil.

5. Braitheann cuid mhaith d'éifeacht an scéil ar an chodarsnacht. Luaigh trí ghné den scéal ina bhfuil codarsnacht le sonrú.
6. Baineann an t-údar an-úsáid as na céadfaí sa scéal. Breac síos na tagairtí sa scéal do na céadfaí éagsúla, agus an éifeacht a bhíonn acu ar mhothúcháin an scéil.
7. Tarraing íomhá phearsan de Niamh agus dá leasathair. Mar shampla:



Obair scríofa

1. Scríobh cuntas ar an scéal; luaigh móreachtraí an scéil.
2. Samhlaigh gur tusa leasathair Niamh. Scríobh an scéal ó do thaobhsa.
3. Scríobh dialann Niamh do na laethanta atá sa scéal.
4. Athscríobh an t-alt thíos faoi dhó. An chéad uair déan cibé athruithe is gá (focail bhreise a chur isteach, nó focail a bhaint amach, nó a athrú) le teannas a chur ann. An dara huair, déan cibé athruithe is gá le suaimhneas a chur sa scéal.

   Sheas an fear suas. Shiúil sé trasna an tseomra. D'fhéach sé amach an fhuinneog. Chonaic sé fear ina sheasamh i lár na sráide. Dhún sé an dallóg ar an fhuinneog. Shiúil sé ar ais trasna an tseomra. Shuigh sé síos.

   (Cruthaítear teannas go minic le habairtí gearra, gonta briste, agus cruthaítear suaimhneas le habairtí fada lán le haidiachtaí cuí.)
5. Déan liosta de na briathra san aimsir láithreach ar an chéad leathanach den scéal. I gcás gach ceann acu aimsigh briathar eile a bhfuil an chiall chéanna aige (comhchiallach).

Ugach

Réamhléitheoireacht

1. Iarr ar na daltaí teideal an scéil a mhíniú. Mura dtuigeann siad an focal, iarr orthu fáil amach san fhoclóir nó ar líne.
2. Iarr ar na daltaí tuairimí a thabhairt faoin ábhar a bheas sa ghearrscéal seo, dar leo.
3. Iarr orthu tuairimí a thabhairt faoi na mothúcháin a bheas sa scéal. Breac síos na mothúcháin is coitianta a luann na daltaí ar an chlár bán.
4. Iarr orthu buille faoi thuairim a thabhairt maidir le deireadh an scéil. An mbeidh críoch shona ann? Nó críoch bhrónach? Nó críoch uafásach?
5. Iarr ar na daltaí pointí a bhreacadh síos faoi aon scéal (ficsean nó fíor) a chuala siad ar an ábhar seo.
6. I mbeirteanna, iarr ar na daltaí samplaí a thabhairt d'imeachtaí ina saol ina raibh ugach de dhíth orthu.

Gníomhaíochtaí le linn léitheoireachta

1. Iarr ar dhaltaí éagsúla alt amháin a léamh amach os ard. Abair leis na daltaí eile na focail a leanacht de réir mar atá siad á léamh.
2. Abair leis na daltaí líne a chur faoi aon fhocal nach dtuigeann siad, agus tabhair am dóibh ag deireadh gach ailt ceisteanna a chur faoi chiall na bhfocal seo.
3. Spreag na daltaí leis na focail seo a bhreacadh síos ina leabhair scríbhneoireachta agus abair leo iad a úsáid an chéad uair eile a bhíonn scríbhneoireacht le déanamh acu féin.
4. Cuir stop leis an léitheoireacht ag pointí éagsúla, agus tabhair achoimre ó bhéal ar imeachtaí an scéil. Lig do na daltaí tomhas a thógáil faoin mhéid a tharlóidh go deireadh an scéil.
5. Breac síos amlíne d'imeachtaí shaol Éamoinn ar an chlár bán de réir mar a léann sibh an scéil.
6. Déan liosta d'ainmneacha na gcarachtar de réir mar a thagann siad isteach sa scéal.
7. Tabhair faoi deara go ndeirtear "chroith sé a cheann" tríd an scéal nuair is sméideadh cinn nó claonadh cinn agus freagra dearfach atá i gceist. Tá sé seo ceart, ach neamhchoitianta, mar go minic léiríonn "croith" freagra diúltach.

Iar-léitheoireacht

1. Iarr ar dhaltaí éagsúla achoimre ó bhéal a thabhairt ar an scéal ó thús deireadh. Ceartaigh aon sonraí más gá.

2. Déan plé oscailte sa rang ar na mothúcháin a léirítear sa scéal. Iarr ar na daltaí a rá cad iad na mothúcháin a mhothaigh siad agus iad ag léamh an scéil, agus conas a léirítear iad.
3. Breac síos imeachtaí an scéil i bhfoirm pointí ar an chlár bán. Iarr ar na daltaí tuairim a thabhairt faoi cén fáth a bhfuil a laghad imeachtaí ann.
4. Scríobh na hábhair seo a leanas ar chártaí – ábhar amháin ar gach cárta. Bris suas an rang i ngrúpaí de cheathrar agus lig do gach grúpa cárta amháin a roghnú. Beidh orthu an t-ábhar atá ar an chárta a phlé sa ghrúpa agus ansin é a chur i láthair an ranga:
    i. ”Is aisteach mar a athraíonn do dhearcadh in am an ghátair; faoi mar is mór leat rud nuair atá an baol ann go dtógfaí uait é.” Fírinne an ráitis sin a phlé. Tabhair roinnt samplaí ón saol.
    ii. Luas an scéil ó thús an scéil go dtí an abairt “Cé a bhacfadh lena mbeadh le rá aige?” (alt 2) a chur i gcomparáid le luas an scéil ón abairt “Dhúisigh sé a chuimhne...” (alt 3) go dtí “Gníomh gan smaoineamh a bhí ann” (alt 5). Tagann athrú ar luas na hinsinte idir an dá chuid seo, conas?
    iii. Déan plé ar an dearcadh a léiríonn Éamonn ar an fhoiréigean. Déan plé ar an mheafar den fhuil agus an nasc atá aige leis an fhoiréigean sa scéal.
    iv. Déan plé ar fháinne an Chladaigh agus ar an áit atá aige sa scéal. Cad dó a seasann na codanna éagsúla den fháinne? Aimsigh íomhá den fháinne ar an idirlíon agus mínigh don rang é.
    v. Bíonn Éamonn cráite sa scéal ag smaoineamh faoi chomhairle nó saíocht nó teachtaireacht a fhágáil ina dhiaidh nuair a fhaigheann sé bás. Dá mbeadh ort comhairle a fhágáil i do dhiaidh anois, cad a bheadh ann? Cé air a mbeadh sé dírithe agus cén fáth? Cén fáth a mothaíonn daoine go bhfuil sé seo tábhachtach, dar leat?
    vi. Cruthaítear teannas sa dara leath den scéal ag tosú ón abairt “Ba léir di óna dhreach go raibh.” Conas a chruthaítear an teannas sin? Cén éifeacht a bhaineann leis, dar leat?
    vii. Deirtear sa scéal “Chroith sé a chloigeann” le claonadh cinn nó sméideadh a chur in iúl. Cé go bhfuil úsáid seo an fhocail neamhchoitianta, tá sé ceart. Déan taighde ar an idirlíon faoi na nósanna atá i dtíortha éagsúla le sméideadh cinn a úsáid chun freagra diúltach a chur in iúl, nó faoi bogadh cinn eile a úsáid le rudaí eile a léiriú.

Obair scríofa

1. Scríobh cuntas ar an scéal; luaigh móreachtraí an scéil.
2. Samhlaigh gur tusa úinéir an tsiopa seodra. Scríobh do thaobhsa den scéal.
3. Is léir gur duine tuisceanach í an bhanaltra sa scéal. Scríobh an t-agallamh a chuirfeá uirthi i ndiaidh bhás Éamoinn.
4. Is tusa máthair Éamoinn. Conas a mhothaíonn tú mar gheall ar do mhac, mar gheall ar na rudaí a rinne sé, mar gheall ar a thinneas agus mar gheall ar a bhás?
5. An dóigh leat go bhfuil teideal an scéil oiriúnach? Tabhair trí chúis le do fhreagra.
6. Scríobh cuntas ar an phictiúr seo thíos:



Cinniúint

Réamhléitheoireacht

1. Iarr ar na daltaí teideal an scéil a mhíniú. Mura dtuigeann siad an focal, iarr orthu fáil amach san fhoclóir nó ar líne.
2. Seinn an píosa ceoil "O Fortuna" ó *Carmina Burana* le Carl Orff don rang. Taispeáin na focail don rang agus an t-aistriúchán Gaeilge (aistriúchán go Gaeilge ar fáil ar leathanach 113 den leabhar seo: http://www.cogg.ie/pdf/C%C3%BArsa%20A_digiteach.pdf). Iarr ar na daltaí tuairimí a thabhairt faoina bhfuil i gceist leis an chinniúint.
3. Iarr orthu sampla den chinniúint a thabhairt óna saol féin nó ó dhuine eile.
4. Inis do na daltaí go mbaineann an scéal seo le téama na dífhostaíochta. Iarr ar roinnt acu sampla a thabhairt de thionchar na dífhostaíochta ar a saol féin.

Gníomhaíochtaí le linn léitheoireachta

1. Iarr ar dhaltaí éagsúla alt amháin a léamh amach os ard. Abair leis na daltaí eile na focail a leanacht de réir mar atá siad á léamh.
2. Abair leis na daltaí líne a chur faoi aon fhocal nach dtuigeann siad, agus tabhair am dóibh ag deireadh gach ailt ceisteanna a chur faoi chiall na bhfocal seo.
3. Spreag na daltaí leis na focail seo a bhreacadh síos ina leabhair scríbhneoireachta agus abair leo iad a úsáid an chéad uair eile a bhíonn scríbhneoireacht le déanamh acu féin.
4. Cuir stop leis an léitheoireacht ag pointí éagsúla, agus tabhair achoimre ó bhéal ar imeachtaí an scéil. Lig do na daltaí tomhas a thógáil faoin mhéid a tharlóidh go deireadh an scéil.
5. Breac síos ar an chlár bán na droch-roghanna a dhéanann Seán i rith an scéil.
6. Déan liosta ar an chlár bán d'ainmneacha na gcarachtar de réir mar a thagann siad isteach sa scéal.

Iar-léitheoireacht

1. Iarr ar dhaltaí éagsúla achoimre a thabhairt ar an scéal ó thús deireadh. Ceartaigh aon sonraí más gá.
2. Déan plé ar na mothúcháin a léirítear sa scéal. Conas a léiríonn iompar na gcarachtar a gcuid mothúchán?
3. Déan liosta de na tréithe atá le feiceáil sna carachtair Seán, Elvis, Aoife.
4. Déan plé oscailte sa rang ar an fhorbairt a thagann ar Sheán ó thús deireadh an scéil. Is léir gur duine lag é ag tús an scéil. An bhfuil athrú ar bith tagtha air faoi dheireadh an scéil?

5. Bris an rang suas i 6 ghrúpa, bunaithe ar na buanna atá acu sna hábhair seo a leanas. Lig dóibh féin an rogha a dhéanamh. Beidh na grúpaí éagsúla ag díriú ar ealaín, ceol, drámaíocht, scríbhneoireacht, filíocht, teicneolaíocht.

i. Iarr ar an ghrúpa ealaíne carachtair an scéil a tharraingt (Seán, Elvis agus Aoife le Dara), agus a dtréithe a bheith soiléir sna pictiúir.

ii. Iarr ar an ghrúpa ceoil amhrán a chumadh, nó amhrán sean-aitheanta a chur oiriúint don scéal seo. Beidh orthu é a chanadh nó a theagasc don rang. Nó is féidir leo teacht ar phíosa ceoil a léiríonn na mothúcháin atá sa scéal agus é a sheinm le tráchtaireacht ón ghrúpa os a chionn.

iii. Iarr ar an ghrúpa drámaíochta dráma gairid a léiriú don rang bunaithe ar imeachtaí an scéil.

iv. Iarr ar an ghrúpa scríbhneoireachta dialann Aoife a scríobh don lá sa chúirt.

v. Iarr ar an ghrúpa filíochta dán gairid a chumadh a léiríonn imeachtaí i saol Dara nach mbeadh a athair ann dóibh.

vi. Iarr ar an ghrúpa teicneolaíochta íomhánna ón idirlíon a úsáid le mothúcháin an scéil a léiriú i bhfoirm powerpoint. Mar shampla:

Obair scríofa

1. Is tusa Seán. Scríobh litir chuig Aoife i ndiaidh duit mí a chaitheamh sa phríosún. Inis di conas a mhothaíonn tú anois, agus cad a shíleann tú den rud atá déanta agat.
2. Is tusa Aoife. Scríobh cuntas ar a bhfuil i ndán duit anois go mbeidh d'fhear céile sa phríosún go ceann trí bliana.
3. Scríobh alt irise ar na tionchair is féidir leis an dífhostaíocht a imirt ar dhaoine, go háirithe orthu siúd le clann óg.
4. Cé chomh fada is a bheifeá féin sásta dul le do chlann a chosaint ó bheith gan dídean? Scríobh cuntas ionraic.
5. Scríobh alt ar oiriúnacht an teidil don scéal.
6. Athscríobh an t-alt a thosaíonn "Tháinig meadhrán ar Sheán anois, bhí sé chomh fada sin ina sheasamh sa scuaine." Cuir isteach oiread aidiachtaí agus is féidir leis an chur síos a shaibhriú.

Mianach

Réamhléitheoireacht

1. Iarr ar na daltaí teideal an scéil a mhíniú. Mura dtuigeann siad an focal, iarr orthu fáil amach san fhoclóir nó ar líne. Iarr orthu roinnt focal/nathanna eile a aimsiú a bhfuil ciall acu cosúil le ciall an fhocail seo.
2. Iarr ar na daltaí tuairimí a thabhairt faoin ábhar a d'fhéadfadh a bheith sa ghearrscéal seo.
3. Iarr orthu tuairimí a thabhairt faoi na mothúcháin a bheas sa scéal. Breac síos na mothúcháin is coitianta a luann na daltaí ar an chlár bán.
4. Iarr ar na daltaí pointí a bhreacadh síos faoi aon scéal (ficsean nó fíor) a chuala siad ar an ábhar seo.
5. I mbeirteanna, iarr ar na daltaí mianach a chéile a aithint agus a mhíniú.

Gníomhaíochtaí le linn léitheoireachta

1. Iarr ar dhaltaí éagsúla alt amháin a léamh amach os ard. Abair leis na daltaí eile na focail a leanacht de réir mar atá siad á léamh.
2. Abair leis na daltaí líne a chur faoi aon fhocal nach dtuigeann siad, agus tabhair am dóibh ag deireadh gach ailt ceisteanna a chur faoi chiall na bhfocal seo.
3. Spreag na daltaí leis na focail seo a bhreacadh síos ina leabhair scríbhneoireachta agus abair leo iad a úsáid an chéad uair eile a bhíonn scríbhneoireacht le déanamh acu féin.
4. Cuir stop leis an léitheoireacht ag pointí éagsúla, agus tabhair achoimre ó bhéal ar imeachtaí an scéil. Lig do na daltaí tomhas a thógáil faoin mhéid a tharlóidh go deireadh an scéil.
5. Déan liosta ar an chlár bán de na carachtair de réir mar a thagann siad isteach sa scéal: Eoin, an garda, Robson Ó Broin, Daithí Ó Dochartaigh, aturnae Mhuintir Uí Bhroin, an banchléireach, an Breitheamh. Déan tábla mar seo agus cuir tic leis na carachtair ar fad san áit a oireann dóibh:

Carachtar	Maith	Measartha	Olc
Eoin Ó Gruagáin	√		
An garda			
Robson Ó Broin			
Daithí Ó Dochartaigh			
Aturnae Mhuintir Uí Bhroin			
An banchléireach			
An Breitheamh		√	

6. Cuir ceist ar na daltaí faoina dtarlaíonn ag deireadh an scéil.

Iar-léitheoireacht

1. Iarr ar dhaltaí éagsúla achoimre ó bhéal a thabhairt ar an scéal ó thús deireadh. Ceartaigh aon sonraí más gá.
2. Déan plé oscailte sa rang ar na mothúcháin a léirítear sa scéal. Iarr ar na daltaí a rá cad iad na mothúcháin a mhothaigh siad agus iad ag léamh an scéil, agus conas a léirítear iad.
3. Iarr ar na daltaí obair a dhéanamh i mbeirteanna, agus abair leo comhchiallaigh a thabhairt do na focail seo:

Focal	Comhchiallach 1	Comhchiallach 2
Duairc		
In oiriúint		
Ar ball		
Amhlaidh		
Measaim		
Bhreathnaigh sé		
Dathúlacht		
Á gcoinneáil		
In éindí le		
Gligín		
An té		
Á chrá		
Guaim		
Ina choinne		
A chreimeadh		
Follasach		
Saol Fódlach		

4. Iarr ar na daltaí obair a dhéanamh i mbeirteanna, agus iarr orthu frithchiallaigh a aimsiú do na focail seo:

Focal	Frithchiallach 1	Frithchiallach 2
Mhaslaigh		
Deasóg		
Anuas		
Dochar		
Scartha		
Sheas sé		
Os comhair		
Ina shuí		
Méadaithe		
Faitíos		
An fhírinne		
Ag cogarnaíl		
Gránna		
Dea-ghléasta		

5. Ceist oscailte le plé sa rang: “Mac an chait gan aon agó”. Cad is brí leis seo?

6. Bris suas na daltaí i ngrúpaí de cheathrar agus tabhair ábhar amháin thíos do gach grúpa le plé:
   i. Déan cur síos ar charachtar Eoin.
   ii. Déan cur síos ar charachtar Daithí.
   iii. Déan cur síos ar Robson Ó Broin.
   iv. An raibh píonós tuillte ag an mhúinteoir, dar libh?
   v. Cad a shíl tú d'aturnae mhuintir Uí Bhroin?
   vi. Cén mothúcháin atá soiléir nuair atá an aturnae ag ceistiú Eoin sa chúirt?
   vii. Bhí sé *íorónta* gurb é Eoin a bhuail an gasúr. Cad atá i gceist leis an fhocal "íorónta" sa chomhthéacs seo?

Obair scríofa

1. Samhlaigh gur tusa an Breitheamh. Cén cinneadh a ghlacfá féin faoin chás? Tabhair cúiseanna le do fhreagra.
2. Pléigh an difríocht atá le sonrú sa scéal seo idir an rud atá "ceart"agus an rud atá "cóir".
3. Samhlaigh gur iriseoir tú. Ba mhaith leat béim a chur ar an scannal mór sa scéal. Scríobh an t-alt, gan aon bhréaga, le léitheoirí a mhealladh le tacú le Robson Ó Broin.
4. Is tusa Robson Ó Broin. Scríobh an scéal ó do thaobhsa.
5. Samhlaigh gur múinteoir tú atá ag iarraidh do phost a dhéanamh. Tá dalta amháin sa rang atá ag cothú trioblóide an t-am ar fad. Ní féidir leat obair an ranga a dhéanamh, ní féidir leat fáil réidh leis an dalta. Scríobh do dhialann phearsanta faoin scéal.
6. Cad a shíleann tú de dheireadh an scéil? An bhfuil sé éifeachtach, dar leat? Tabhair cúiseanna le do fhreagra.
7. Scríobh cuntas ar an phictiúr seo:



Imleacán

Réamhléitheoireacht

1. Abair leis na daltaí go mbaineann an scéal seo le cailín i mbliain na hArdteiste a thugann páiste ar an saol. Cuir ceist orthu cén dearcadh dá cás a mbeidís ag súil leis sa scéal.
2. Iarr orthu tuairimí a thabhairt faoi na mothúcháin a bheas sa scéal. Breac síos na mothúcháin is coitianta a luann na daltaí ar an chlár bán.
3. Iarr orthu buille faoi thuairim a thabhairt maidir le deireadh an scéil. An mbeidh críoch shona ann? Nó críoch bhrónach? Nó críoch uafásach?
4. Iarr ar na daltaí pointí a bhreacadh síos faoi aon scéal (ficsean nó fíor) a chuala siad ar an ábhar seo.

Gníomhaíochtaí le linn léitheoireachta

1. Iarr ar dhaltaí éagsúla alt amháin a léamh amach os ard. Abair leis na daltaí eile na focail a leanacht de réir mar atá siad á léamh.
2. Abair leis na daltaí líne a chur faoi aon fhocal nach dtuigeann siad, agus tabhair am dóibh ag deireadh gach ailt ceisteanna a chur faoi chiall na bhfocal seo.
3. Spreag na daltaí leis na focail seo a bhreacadh síos ina leabhair scríbhneoireachta agus abair leo iad a úsáid an chéad uair eile a bhíonn scríbhneoireacht le déanamh acu féin.
4. Cuir stop leis an léitheoireacht ag pointí éagsúla, agus tabhair achoimre ó bhéal ar imeachtaí an scéil. Lig do na daltaí tomhas a thógáil faoin mhéid a tharlóidh go deireadh an scéil.
5. Breac síos ar an chlár bán na carachtair atá sa scéal agus an tionchar a imríonn siad ar Ursula.
6. Breac síos an focal “eagla” ar an chlár bán agus de réir mar a léann sibh an scéal déan nóta d’aon eachtra a léiríonn go seachnaíonn Ursula an cinneadh ceart de bharr eagla. Ag an deireadh cuir ceist ar an rang cén léiriú a thugann an fhianaise ansin faoina carachtar.

Iar-léitheoireacht

1. Iarr ar dhaltaí éagsúla achoimre ó bhéal a thabhairt ar an scéal ó thús deireadh. Ceartaigh aon sonraí más gá.
2. Déan plé oscailte sa rang ar na mothúcháin a léirítear sa scéal. Iarr ar na daltaí a rá cad iad na mothúcháin a mhothaigh siad agus iad ag léamh an scéil, agus conas a léirítear iad.
3. Iarr ar na daltaí na focail nó frásaí seo a leanas a mhíniú: cé’s moite de; dá uireasa, meallta; éirim an mháithreachais; go baileach; féinmhuinín ginte inti; saontacht.

4. Iarr ar na daltaí plé a dhéanamh i mbeirteanna faoin rogha a rinne Ursula roimh thús an scéil, agus ag deireadh an scéil.
5. Déan plé ar na dúshláin a bheidh ag Ursula amach anseo nuair a bheas an páiste faoina cúram.
6. Déan íomhá phearsan ar an chlár bán de na carachtair Ursula agus Aodán, mar shampla:





Bain úsáid as aon cheann de na tréithe daonna seo a leanas atá oiriúnach:

Dearfach	Diúltach
Foighneach	Leisciúil
Cairdiúil	Sotalach
Cultúrtha	Meatach
Cothrom	Mí-ionraic
Neamhspleách	Dímhúinte (drochbhéasach)
Dóchasach	Neamhthuisceanach
Ionraic	Spadhrúil (taghdach, corrach)

Obair scríofa

1. Samhlaigh gur tusa Aodán. Scríobh do dhialann don lá a chloiseann tú go bhfuil na Gardaí ar lorg mháthair do linbh.
2. Is tusa Ursula. Scríobh do dhialann don lá a athraíonn tú d'intinn faoin bháibín a thabhairt suas.
3. Samhlaigh gur tusa máthair Ursula. Conas a mhothaíonn tú faoi leanbh Ursula?
4. Cén chomhairle agus moltaí a thabharfá d'Aodán maidir lena fhreagrachtaí mar athair agus mar dhuine?
5. Roghnaigh alt as an scéal agus cuir aidiachtaí oiriúnacha breise isteach gach áit is féidir. Conas a chuireann sé sin leis an scéal?
6. Scríobh cuntas samhlaíoch ar an mháthair agus iníon sa phictiúr thíos.

Cathú

Réamhléitheoireacht

1. Iarr ar na daltaí teideal an scéil a mhíniú. Mura dtuigeann siad an focal, iarr orthu fáil amach san fhoclóir nó ar líne. Iarr orthu an frása: "Ná lig sinn i gcathú" a mhíniú.
2. Abair leis na daltaí go mbaineann an scéal le cearrbhachas. Mínigh an focal más gá, agus iarr a dtuairimí faoin chríoch a bheas ar an scéal, dar leo.
3. Iarr orthu tuairimí a thabhairt faoi na mothúcháin a bheas sa scéal. Breac síos na mothúcháin is coitianta a luann na daltaí ar an chlár bán.
4. Tabhair na focail seo dóibh, agus iarr orthu iad a mhíniú le cuidiú ón fhoclóir más gá: cearrbhach, geallghlacadóir, rásaí capall, marcach, geall, corrlach,
5. Iarr ar na daltaí pointí a bhreacadh síos faoi aon uair a mhothaigh siad féin cathú ina saol.

Gníomhaíochtaí le linn léitheoireachta

1. Iarr ar dhaltaí éagsúla alt amháin a léamh amach os ard. Abair leis na daltaí eile na focail a leanacht de réir mar atá siad á léamh.
2. Abair leis na daltaí líne a chur faoi aon fhocal nach dtuigeann siad, agus tabhair am dóibh ag deireadh gach ailt ceisteanna a chur faoi chiall na bhfocal seo.
3. Spreag na daltaí leis na focail seo a bhreacadh síos ina leabhair scríbhneoireachta agus abair leo iad a úsáid an chéad uair eile a bhíonn scríbhneoireacht le déanamh acu féin.
4. Cuir stop leis an léitheoireacht ag pointí éagsúla, agus tabhair achoimre ó bhéal ar imeachtaí an scéil. Lig do na daltaí tomhas a thógáil faoin mhéid a tharlóidh go deireadh an scéil.
5. Cuir amlíne na n-eachtraí sa scéal ar an chlárbán:

   Cailleann Alan a lán airgid ⇨ Aonad Rutland ⇨ Éiríonn sé as an chearrbhachas ⇨
6. Breac síos ainmneacha na gcarachtar ar an chlár bán de réir mar a thagann siad isteach sa scéal.
7. Iarr ar na daltaí focail a bhfuil an chiall seo thíos leo, a aimsiú le linn léitheoireachta:

Thart faoin am seo	
Ón am sin go dtí anois	
Theann sé	
Lá tábhachtach	
Nár mhothaigh sé	
Smacht	
Shocraigh sé	
A chur uaidh	
A smachtú	
Á chaitheamh/leá	

Iar-léitheoireacht

1. Iarr ar dhaltaí éagsúla achoimre ó bhéal a thabhairt ar an scéal ó thús deireadh. Ceartaigh aon sonraí más gá.
2. Déan plé oscailte sa rang ar an teannas a léirítear sa scéal. Iarr ar na daltaí a rá cén áit a dtosaíonn an teannas agus conas a chruthaíonn an t-údar é.
3. Iarr a dtuairimí ar na daltaí faoi dheireadh an scéil. Ar shíl siad go raibh sé cliste, nó díomách, nó ar spreag sé faoiseamh sa léitheoir? Conas?
4. Ar an chlár bán taispeáin an liosta tréithe daonna seo a tógadh ón suíomh www.ceacht.ie:

Iarr ar na daltaí cur síos a dhéanamh ar na carachtair seo sa scéal trí úsáid a bhaint as na tréithe sa liosta.

1. Alan
2. Sandra
3. Learaí
4. Mike Dáibhís

An athraíonn aon duine de na carachtair tríd an scéal?
http://www.ceacht.ie/content/tr%C3%A9ithe-daoine

1. Flaithiúil
2. Suarach
3. Féinmhuiníneach
4. Leithleasach
5. Deisbhéalach
6. Sotalach
7. Cineálta / Cneasta
8. Leisciúil
9. Ceanndána
10. Searbhasach
11. Dílis
12. Cliste
13. Réchúiseach
14. Cairdiúil
15. Macánta / Ionraic
16. Goilliúnach

5. Déan plé sa rang ar dheireadh crochta i ngearrscéal nó in úrscéal. Iarr ar na daltaí samplaí eile a lua de scéalta, scannáin nó drámaí atá ar eolas acu ina bhfuil an deireadh crochta.
6. Cuir na daltaí i ngrúpaí de cheathrar agus abair leo gur áit é an tAonad Rutland a chuidíonn le daoine atá tugtha don ól, do dhrugaí nó do chearrbhachas. Iarr ar na daltaí a shamhlú cén bealaí a bheadh ann le cuidiú le handúiligh.

Obair Scríofa

1. Samhlaigh gur tusa Alan, agus tá tú díreach i ndiaidh siúl isteach sa siopa geallghlacadóra, scríobh síos na smaointe atá i d'intinn, agus inis cén rogha a dhéanann tú.
2. Samhlaigh gur tusa Sandra. Scríobh litir chuig d'fhear céile ag tréaslú leis as éirí as an chearrbhachas. Inis dó cén pleananna atá i d'intinn don todhchaí.
3. Scríobh cuntas ar aon chathú a d'fhulaing tú i do shaol. Abair ar ghéill tú dó nó nár ghéill. Inis conas a mhothaigh tú tríd an eachtra ar fad.
4. Samhlaigh go bhfuil tú ag obair mar chomhairleoir. Tabhair comhairle d'Alan dá andúil.
5. Scríobh alt breise ag deireadh an scéil, agus cuir críoch dhifriúil leis an scéal.
6. Scríobh cuntas ar cheann de na pictiúir seo:

Imeallach

Réamhléitheoireacht

1. Iarr ar na daltaí teideal an scéil a mhíniú. Mura dtuigeann siad an focal, iarr orthu fáil amach san fhoclóir nó ar líne. Iarr orthu roinnt focal/nathanna eile a aimsiú a bhfuil ciall acu cosúil le ciall an fhocail seo.
2. Abair leis na daltaí go mbaineann an scéal seo le duine gan dídean. Iarr orthu mothúcháin an scéil a shamhlú, agus breac síos ar an chlár bán iad.
3. Iarr orthu aon scéal (ficsean nó fíor) a chuala siad ar an ábhar seo a roinnt leis an rang ar bhealach tuisceanach.
4. Iarr ar na daltaí a shamhlú conas a mhothóidís dá mbeadh siad féin gan dídean.

Gníomhaíochtaí le linn léitheoireachta

1. Iarr ar dhaltaí éagsúla alt amháin a léamh amach os ard. Abair leis na daltaí eile na focail a leanacht de réir mar atá siad á léamh.
2. Abair leis na daltaí líne a chur faoi aon fhocal nach dtuigeann siad, agus tabhair am dóibh ag deireadh gach ailt ceisteanna a chur faoi chiall na bhfocal seo.
3. Spreag na daltaí leis na focail seo a bhreacadh síos ina leabhair scríbhneoireachta agus abair leo iad a úsáid an chéad uair eile a bhíonn scríbhneoireacht le déanamh acu féin.
4. Cuir stop leis an léitheoireacht ag pointí éagsúla, agus tabhair achoimre ó bhéal ar imeachtaí an scéil. Lig do na daltaí tomhas a thógáil faoin mhéid a tharlóidh go deireadh an scéil.
5. Déan liosta ar an chlár bán de na carachtair de réir mar a thagann siad isteach sa scéal: Bridie, Deirdre, Liam, Liam Óg, Saoirse.
6. Déan amlíne de thragóidí an scéil i saol Bhridie de réir mar a léitear an scéal.

Iar-léitheoireacht

1. Iarr ar dhaltaí éagsúla achoimre ó bhéal a thabhairt ar an scéal ó thús deireadh. Ceartaigh aon sonraí más gá.
2. Déan plé oscailte sa rang ar na mothúcháin a léirítear sa scéal. Iarr ar na daltaí a rá cad iad na mothúcháin a mhothaigh siad agus iad ag léamh an scéil, agus conas a léirítear iad.
3. Déan liosta ar an chlár bán de na hamanna i saol Bhridie nuair a bhí rogha le déanamh aici. Pléigh conas a chuideodh rogha dhifriúil ag na hamanna sin léi pian agus fulaingt a sheachaint.

4. Cuir na daltaí i ngrúpaí de cheathrar. Scríobh gach ráiteas thíos ar chárta, agus tabhair cárta amháin do gach grúpa le plé. Abair leo go mbeidh orthu a dtuairimí a chur i láthair don rang nuair atá siad críochnaithe.
    i. Ba chóir go mbeadh caitheamh toitíní mídhleathach in Éirinn.
    ii. Ba ghránna an gníomh ó Liam Óg é bogadh go Ceanada agus gan fanacht i dteagmháil lena mháthair.
    iii. Uaigneas an dúshlán is mó atá ag an duine gan dídean.
    iv. Déan taighde ar John Byrne, fear gan dídean a raibh coinín agus madra aige. Inis an scéal don rang.
    v. Is andúileach é gach duine a chónaíonn ar na sráideanna.
    vi. Is é an t-alcól a chúisigh na fadhbanna uilig ag Bridie.
    vii. Ba chóir don rialtas níos mó a dhéanamh ar son daoine gan dídean.
5. Iarr ar na daltaí achoimre a dhéanamh ar an scéal in alt amháin.

    Bhí saol crua ag Bridie i ndiaidh dá fear céile bás a fháil. Thosaigh sí ag ól agus níor stop sí riamh. Chaill sí a páistí, a teach agus a dóchas de bharr an ólacháin.

    Iarr orthu achoimre níos giorra a scríobh, gan abairtí iomlán a úsáid:

    Bás fir chéile. Ólachán. Briseadh croí.

    Iarr orthu achoimre eile a dhéanamh ar an mhéid sin, le teacht ar théama an scéil:

    - Má dhéanann tú iarracht éalú ón phian, ní éireoidh leat choíche.
    - Is olc an tionchar a bhíonn ag an ólachán ar dhuine.
    - Is gá aghaidh a thabhairt ar fhulaingt an tsaoil.

    Is minic a bhíonn an téama scríofa i bhfoirm cosúil le seanfhocal, nó i bhfoirm teagaisc, ach ní gá é. Sa chnuasach scéalta seo is minic gurb ionann an teideal agus an téama.

Obair Scríofa

1. Samhlaigh gur tusa Saoirse. Scríobh do dhialann an lá a chloiseann tú faoi bhás do mháthar.
2. Cad a shíleann tú de mhac Bhridie?
3. Cad a shíl tú de dheireadh an scéil? Dá mbeifeá leis an deireadh a athscríobh, cén chríoch a chuirfeá leis?
4. Ba mhór an buille é bás a fir chéile ar shaol Bhridie. Ach ag an am céanna bhí beirt pháistí aici ag an am. Cad iad na rudaí a tharla agus na tréithe pearsanta a bhí i mBridie a chúisigh an rogha a rinne sí ag an phointe sin ina saol?
5. Déan taighde ar an idirlíon faoi fhadhb an ndaoine gan dídean i gCorcaigh, i mBéal Feirste nó i mBaile Átha Cliath. Scríobh cuntas faoi.
6. Samhlaigh go bhfuil tú gan dídean. Déan cur síos ar chonas a chaithfidh tú an tráthnóna, an oíche anocht agus an lá amárach.

7. Scríobh cuntas ar cheann de na pictiúir seo a leanas:

Dúchas

Réamhléitheoireacht

1. Plé oscailte: Iarr ar na daltaí teideal an scéil a mhíniú. Mura dtuigeann siad an focal, iarr orthu fáil amach san fhoclóir nó ar líne. Iarr orthu samplaí a thabhairt de rudaí dúchasacha ina saol.
2. Ar an chlár bán idirghníomhach, taispeáin an suíomh www.duchas.ie do na daltaí. Iarr orthu smaoineamh faoin tábhacht a bhaineann le bailiúchán mar seo a bheith ann. Breac síos na pointí a dhéanann siad ar an chlár bán.
3. Plé oscailte: Iarr orthu an seanfhocal "Briseann an dúchas trí shúile an chait" a mhíniú, agus é a léiriú le sampla de scéal an-ghairid.
4. Obair bheirte: iarr ar na daltaí plé a dhéanamh le chéile faoi na cosúlachtaí agus difríochtaí atá idir iad féin agus a dtuismitheoirí. Iarr orthu tréithe fisiceacha agus tréithe pearsantachta a lua.

Gníomhaíochtaí le linn léitheoireachta

1. Iarr ar dhaltaí éagsúla alt amháin a léamh amach os ard. Abair leis na daltaí eile na focail a leanacht de réir mar atá siad á léamh.
2. Abair leis na daltaí líne a chur faoi aon fhocal nach dtuigeann siad, agus tabhair am dóibh ag deireadh gach ailt ceisteanna a chur faoi chiall na bhfocal seo.
3. Spreag na daltaí leis na focail seo a bhreacadh síos ina leabhair scríbhneoireachta agus abair leo iad a úsáid an chéad uair eile a bhíonn scríbhneoireacht le déanamh acu féin.
4. Cuir stop leis an léitheoireacht ag pointí éagsúla, agus tabhair achoimre ó bhéal ar imeachtaí an scéil. Lig do na daltaí tomhas a thógáil faoin mhéid a tharlóidh go deireadh an scéil.
5. Déan liosta ar an chlár bán de na brúanna a thagann ar Phól i rith an scéil agus a chuireann isteach air.
6. Iarr ar na daltaí líne a chur faoi gach aidiacht a dhéanann cur síos ar na carachtair de réir mar a léitear an scéal sa rang.

Iar-léitheoireacht

1. Iarr ar dhaltaí éagsúla achoimre ó bhéal a thabhairt ar an scéal ó thús deireadh. Ceartaigh aon sonraí más gá.
2. Déan plé oscailte sa rang ar na mothúcháin a léirítear sa scéal. Iarr ar na daltaí a rá cad iad na mothúcháin a mhothaigh siad agus iad ag léamh an scéil, agus conas a léirítear iad.

3. Déan ceithre liosta de na haidiachtaí a dhéanann cur síos ar na carachtair sa scéal, mar atá thíos:

Pól	Athair (ólta)	Athair (gan deoch)	Máthair
Séimh	Cealgach	Taitneamhach	Uaigneach
Cráite	Colgach	Gealgháireach	Faiteach
céasta	Naimhdeach	greannmhar	Caoin
Tuisceanach	Achrannach		Uasal
láidir	Bruíneach		Séimh
Króga	Cruálach		Lag
Smaointeach	brúidiúil		Cosantach
Grámhar	tiorántach		géilliúil
	Míthuisceanach		
	Foréigeanach		

4. Cuir leis an liosta thuas le haidiachtaí eile, nach bhfuil luaite sa scéal ach atá iontuigthe ó na himeachtaí, samplaí léirithe le cló dearg.
5. Iarr ar na daltaí achoimre a dhéanamh ar an scéal in alt amháin.

   Bhí Pól agus a mháthair go mór faoi bhrú ag foréigean a athar. D'fhulaing siad faoi thost ar feadh i bhfad. Ar deireadh briseadh ar fhoighne Phóil, agus léirigh sé tréithe a athar nuair a thug sé faoi.

   Iarr orthu achoimre níos giorra a scríobh, gan abairtí iomlán a úsáid:

   Brú. Fulaingt. Briseadh.

   Iarr orthu achoimre eile a dhéanamh ar an mhéid sin, le teacht ar théama an scéil:

   - Ní féidir fulaingt go deo gan briseadh.
   - Briseann an dúchas trí shúile an chait.
   - Nuair is crua don chailleach, caithfidh sí rith.

6. Bris an rang i ngrúpaí de cheathrar. Iarr ar gach grúpa ceann de na pointí seo a phlé agus ansin é a chur i láthair an ranga:

a. Déan plé ar charachtar an athar.

b. Déan plé ar charachtar agus ar smaointe na máthar tríd an scéal. An dóigh leat go bhfuil sí lag?

c. An raibh an ceart ag Pól ionsaí a dhéanamh ar a athair ag deireadh an scéil?

d. Céard é an bhulaíocht shíceolaíoch? Tabhair samplaí de ón scéal agus ón saol.

e. Cén éifeacht a bhaineann leis an síorthost faoin fhoréigean sa scéal? Cén difríocht a dhéanfadh sé dá labhródh Pól agus a mháthair faoin fhadhb?

f. "Ní bhíonn bulaí ann gan íobartach. Is gá dúinn uilig seasamh suas i gcoinne na bulaíochta." Pléigh.

g. Bain úsáid as an idirlíon le taighde a dhéanamh ar fhoréigean i gcoinne na mban sa phósadh. Cuir na staitisticí i láthair an ranga.

Obair Scríofa

1. Cad a shíl tú de dheireadh an scéil? An dóigh leat gur thug Pól drochíde fhisiciúil dá athair? Scríobh dhá alt eile le deireadh nua a chur leis an scéal.
2. Déan achoimre ar an scéal, agus cuir béim ar na smaointe a bhí in intinn Phóil ag gach céim. Cad a chuir air briseadh ag an deireadh, dar leat?
3. Samhlaigh gur tusa máthair Phóil. Scríobh na smaointe a ritheann trí d'intinn maidir le d'fhear céile, do mhac agus do thodhchaí.
4. Déan liosta de na bealaí ina bhféadfadh máthair Phóil déileáil leis an fhadhb a bhí ina saol. Is féidir an t-idirlíon a úsáid le smaointe agus comhairle a fháil.
5. Déan cur síos ar thionchair an fhoréigin ar pháistí atá cosúil le Pól, agus iad ag fás aníos i dteach ina bhfuil foréigean comónta. Bain úsáid as an eolas sa chairt thíos.



Ciotaíl

Réamhléitheoireacht

1. Plé oscailte: Iarr ar na daltaí teideal an scéil a mhíniú. Mura dtuigeann siad an focal, iarr orthu fáil amach san fhoclóir nó ar líne. Iarr orthu samplaí a thabhairt de rudaí a chúiseann ciotaíl iontu féin.
2. Ar an chlár bán idirghníomhach, scríobh síos samplaí d'fhocail atá bunaithe ar an fhréamh: ciotach. Iarr ar na ciotógaí sa rang a gcás a chosaint!
3. Plé oscailte: Iarr orthu an seanfhocal "Is binn béal ina thost" a mhíniú, agus é a léiriú le sampla de scéal an-ghairid.
4. Obair bheirte: iarr ar na daltaí plé a dhéanamh le chéile ar rudaí a rinne siad go ciotach nuair a bhí siad níos óige, ach a dhéanann siad i bhfad níos fearr anois.

Gníomhaíochtaí le linn léitheoireachta

1. Iarr ar dhaltaí éagsúla alt amháin a léamh amach os ard. Abair leis na daltaí eile na focail a leanacht de réir mar atá siad á léamh.
2. Abair leis na daltaí líne a chur faoi aon fhocal nach dtuigeann siad, agus tabhair am dóibh ag deireadh gach ailt ceisteanna a chur faoi chiall na bhfocal seo.
3. Spreag na daltaí leis na focail seo a bhreacadh síos ina leabhair scríbhneoireachta agus abair leo iad a úsáid an chéad uair eile a bhíonn scríbhneoireacht le déanamh acu féin.
4. Cuir stop leis an léitheoireacht ag pointí éagsúla, agus tabhair achoimre ó bhéal ar imeachtaí an scéil. Lig do na daltaí tomhas a thógáil faoin mhéid a tharlóidh go deireadh an scéil.
5. Déan liosta ar an chlár bán de na mothúcháin a mhothaíonn Dara le linn an scéil.
6. Iarr ar na daltaí líne a chur faoi gach dobhriathar sa téacs de réir mar a léitear an scéal. Mínigh dóibh go mbíonn "go" ann i gcónaí ach go gcaithfidh siad a bheith cúramach nach briathar a leanann an "go". Go mall, go tapa, go tuisceanach agus araile.

Iar-léitheoireacht

1. Iarr ar dhaltaí éagsúla achoimre ó bhéal a thabhairt ar an scéal ó thús deireadh. Ceartaigh aon sonraí más gá.
2. Déan plé oscailte sa rang ar na mothúcháin a léirítear sa scéal. Iarr ar na daltaí a rá cad iad na mothúcháin a mhothaigh siad agus iad ag léamh an scéil, agus conas a léirítear iad.
3. Déan liosta ar an chlár bán de na hamanna a mhothaigh Dara náire.

4. Ceann de na deacrachtaí is mó a bhíonn ag déagóirí ná déileáil lena mothúcháin, go háirithe nuair a shíleann siad nach mothaíonn éinne eile mar an gcéanna. Céard iad na suíomhanna i saol an déagóra a chúisíonn an náire seo?
5. Iarr ar na daltaí achoimre a dhéanamh ar an scéal in alt amháin.

   Bhí náire ar Dhara mar nár phóg sé cailín agus é 17 mbliana. Ar choinne, ba dheacair dó déileáil lena mhothúcháin faoin chailín a bhí ina theannta. Ar deireadh fuair an bheirt bealach tríd an chiotaíl le pógadh.

   Iarr orthu achoimre níos giorra a scríobh, gan abairtí iomlán a úsáid:

   Náire. Dúshlán. Crógacht agus rath.

   Iarr orthu achoimre eile a dhéanamh ar an mhéid sin, le teacht ar théama an scéil:

   - Is fada an bóthar gan casadh ann.
   - Giorraíonn beirt bóthar.
   - Bíonn rath ar an chrógacht.
6. I mbeirteanna, iarr ar na daltaí plé a dhéanamh ar an cheist: An bhfuil am níos deacra ag buachaillí nó ag cailíní maidir le caidrimh phearsanta?

Obair Scríofa

1. Samhlaigh gur tusa Ailbhe. Scríobh do dhialann don oíche a ndeachaigh tú chuig an phictiúrlann le Dara.
2. Is comhairleoir tú atá ag plé le déagóirí. Cad a déarfá leo faoi na mothúcháin normálta a bhíonn acu, ach a mothaíonn siad go minic a bheith náireach?
3. Athscríobh an eachtra sa phictiúrlann, ag cur san áireamh gur aithin Dara agus Ailbhe conas a mhothaigh an duine eile – náirithe, neirbhíseach, eaglach agus araile.
4. Cén dúshláin phearsanta a bhíonn ag déagóirí a chúisíonn mothúcháin láidre? Déan plé ar chuid acu.
5. Scríobh cuntas faoin phictiúr seo: